Polasaí um Úsáid Inghlactha Idirlín (PUI) i nGaelscoil Bhun Chranncha

Aidhm

'Sé aidhm an Pholasaí Úsáide Inghlactha ná le cinntiú go bhfaighidh daltaí buntáistí agus deiseanna foghlama Idirlín na scoile ar bhealach atá sábháilte agus éifeachtach. Creidtear go bhfuil úsáid agus rochtain Idirlín mar achmhainn agus mar phribhléid scoile. Muna gclóifear le polasaí PUI na scoile mar sin, tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachtbhannaí cuí – mar atá leagtha amach san PUI.

Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú gach bliain ar an PUI. Sula síneofar é ba chóir an PUI a léamh go cúramach lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollacha na húsáide.

Ag éirí as druidim eisceachtúil scoileanna i Márta 2020 mar gheall ar paindéim coróinvíreas, bhí gá le hathruithe a dhéanamh do mhodhanna teagaisc agus foghlama i nGaelscoil Bhun Cranncha chun stráitéisí foghlaim ar-líne agus teagmháil idir múinteoirí agus daltaí a éascú. Tá treoir don phobal scoile ar na hathruithe a rinneadh sa pholasaí seo.

Cruthaíodh an leagan seo den PUI 07/05/2019 ag Príomhoide, Foireann Teagaisc agus Coiste na dTuismitheoirí Ghaelscoil Bhun Cranncha agus leasaíodh ar an 16/06/2020 é.

Straitéis na Scoile

Bainfidh an scoil leas as roinnt straitéisí chun cur chomh mór agus is féidir le deiseanna foghlama agus le rioscaí a bhaineann leis an Idirlíon a laghdú. Is iad seo a leanas na straitéisí scoile :

Go Ginearálta

- Beidh múinteoir i gcónaí ag feitheoireacht ar sheisiún Idirlín.
- Bainfear leas as bogearraí scagtha agus /nó córais chomhionainn chun an riosca a bhaineann do nochtadh d'ábhar míchuí a laghdú. Déanfaidh an scoil monatóireacht rialta ar úsáid idirlín na ndaltaí.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí maidir le sábháilteacht Idirlín.
- Ní cheadófar íoschóipeáil nó uaslódáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe.
- Bainfear leas as bogearraí frithfrídín ESET agus athnuachan déanta go rialta air.
- Beidh cead ón múinteoir riachtanach chun bataí U.S.B.pearsanta nó dlúthdhioscanna a úsáid sa scoil.
- Tá rochtain ag an fhoireann teagaisc ar gach fillteán atá ar a ríomhaire teagaisc féin chomh maith le fillteáin atá ar ríomhairí foghlama na bpaistí, teachtaireachtaí ríomphoist idir páistí san áireamh.
- Cleachtóidh na daltaí dea-nósanna an Idirlín (etiquette) go minic agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-chlú ar an scoil.

Fóin Póca Baill Foirne

- Tá cead ag cuiditheoirí speisialta a bhfóin póca féin a úsáid, le linn paindéim coróinvireas, chun teagmháil rialta a éascú le páistí ar leith atá faoin a gcúram.
- Ní mór uimhreacha fóin póca na foirne a choinneáil príobháideach.
- Le linn an glao fóin, ní mór don tuismitheoir fanacht sa seomra leis an pháiste.
- I gcás glao físe, tá toil scríofa ón tuismitheoir riachtánach.
- Ní mór do na páistí gléas an tuismitheora amháin a úsáid.
- Tá taifead coinnithe ar gach glao fóin, i ndialann an chuiditheoir speisialta agus cuirtear cóip i dtaisce i bhfillteán an pháiste.

An Greasán Domhanda

- Ní rachaidh daltaí chuig suíomh Idirlín ar a mbeidh ábhair ghraostacha, mídhlíthiúil, fuatha nó a bheidh mífhoirsteanach ar bhealach eile. Is ar mhaithe le hoideachais amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an Idirlíon.
- Beidh eolas ag daltaí ar cheisteanna cóipchirt a bhaineann le foghlaim ar líne.
- Ní dhéanfaidh daltaí a gcuid eolas pearsanta a nochtadh nó a fhoilsiú.
- Ní dhéanfaidh páistí coinne aghaidh ar aghaidh le duine a “chuir siad aithne air” ar líne.
- Beidh a fhios ag daltaí go bhféadfadh aon úsáid lena n-áirítear eolas a dháileadh nó a fháil, cibé obair scoile nó nithe pearsanta a bheith faoi mhonatóireacht ó thaobh ghníomhaíocht neamhghnách, slándáil, nó cúiseanna bainistíochta gréasáin.

Ríomhphost

- Tá seoladh ríomhphoist scoile cruthaithe do gach múinteoir scoile le húsáid le linn an paindéim coróinvíreas, chun teangmháil idir tuismitheoirí agus múinteoirí a éascú. Tá an cumarsáid seo srianta do teagmháil ríomhphoist idir seoltaí tuismitheoirí agus múinteoirí amháin.
- Úsáidfidh daltaí cuntais ríomhphoist cheadaithe faoi fheitheoirecht nó cead múinteora.
- Ní sheolfaidh agus ní bhfaighidh daltaí aon ábhar a bheidh mídhlithiúil, graostach ná míchlúiteach nó a bhfuil sé i gceist leis cur as do dhaoine eile nó imeaglú a dhéanamh air.
- Ní fhoilseoidh daltaí a sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile, nithe mar sheoltaí nó uimhreacha fóin nó pictiúir.
- Ní shocróidh daltaí cruinniú casadh go fisiciúil le haon duine.
- Tabharfaidh daltaí ar aird gur faoi réir chead óna mhúinteoir a fhéadfaidh daltaí aguisíní le ríomhphoist a fháil agus a sheoladh.

Comhrá Idirlín

- Ní bheidh rochtain ag daltaí ar sheomraí comhrá, ar fhoraim chomhrá agus ar fhóraim leictreonacha cumarsáide eile ach de réir mar a bheidh ceadaithe ag an scoil.
- Ní bhainfear leas as seomraí comhrá, fóraim phlé, agus fóraim chumarsáide leictreonacha eile ach amháin ar mhaithe le hoideachais agus beidh sin faoi fheitheoireacht ag gach tráth.
- Bainfear úsáid as ainmneacha úsáideoirí chun féiniúlacht na bpáistí a chosaint.
- Beidh cosc iomlán ar chruinniú duine le duine tré chruinniú a bheidh eagraithe tré mheán an Idirlín.

Meáin Shóisialta Scoile

- Tabharfar deis do dhaltaí tionscadail, obair ealaíne nó obair scoile a fhoilsiú ar na meáin shóisialta scoile (m.sh.suíomh scoile, leathanach FB scoile, SeeSaw, Class Dojo ..).
- Chun tacú le foghlaim ar-líne, de réir mar is gá, beidh deiseanna ag múinteoirí agus daltaí cumarsáid a dhéanamh ar ardáin ar-líne, m.sh. SeeSaw, nuair atá cead tuismitheora ann.
- Déanfaidh an múinteoir ranga comhordú ar fhoilsiú obair daltaí.
- Foilseófar obair dhaltaí i gcomhthéasc oideachais ar leathanaigh an suímh scoile.
- Ní fhoilseófar grianghrafanna dhigiteacha, clipeanna éisteachta nó físe de dhaltaí aonair ar an suíomh scoile nó ar na meáin shóisialta scoile. Díreóidh grianghrafanna, clipeanna éisteachta agus físe ar ghníomachtaí grúpaí.
- Fágfar amach eolas pearsanta faoi dhaltaí mar sheoladh baile agus sonraí teagmhála den leathanach suíomh scoile.
- Beidh seilbh ag dáltaí fós ar an chóipcheart ar an obair a fhoilseofar.
- Go minic le linn na bliana scoile, iarrfar ar thuismitheoirí gan ghrianghrafanna páistí scoile de thuismitheoirí eile,a roinnt ar na meáin shóisialta gan chead - grianghrafanna a ghlactar ag ócáidí scoile san áireamh.

Dliteanas

Soláthróidh an scoil eolas ar an dliteanas seo a leanas maidir le húsaid an Idirlín agus ar chóir do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí dul i dtaithi uirthi :

- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht Tascartha 1993
- An tAcht um Fhístaifeadtaí 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 1988

Strúchtúir Thacaíochta

Cuirfidh an scoil eolas ar fáil do dhaltaí agus do thuismitheoirí faoi phríomhstrúchtúir agus eagraíochtaí tacaíochta a bhíonn ag déileáil le hábhar mídhlíthiúil agus úsáid dhochra an Idirlín.

Smachtbhannaí

D'fhéadfadh gníomh smachta teacht as mí-úsáid a bhaint as an Idirlíon, lenan-áirítear tarraingt siar pribhléidí rochtana agus i gcásanna tromchúiseacha fíonraí nó díbeart. Tá sé de cheart ag an scoil freisin aon ghníomhaíochtaí mídhlíthiúil a thuairisciú chuig na húdaráis fhóirsteanacha.

Athbhreithniú

Rinneadh athbhreithniú ar an pholasaí seo ag cruinniú An Bhoird Bhainistíochta :

18/06/2020

Sínithe: *Colm Ó Tuathaláin* Sínithe: *Úna Ní Mh. Uí Cheallaigh*

(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta)

Dáta: 18/06/2020 Dáta: 18/06/2020

16ú Meitheamh 2020

A Thuismitheoir/ Chaomhnóir,

Maidir le : Foirm Thoilithe Idirlín

Mar chuid de chlár oideachais na scoile tairgimid rochtain faoi fheitheoireacht do dhaltaí ar an Idirlíon.Tabharfaidh sé seo rochtain ar go leor acmhainní oideachais ar-líne do dhaltaí agus creidimid go gcuifidh sé seo go mór le taithí fhoghlama na ndaltaí. Ar a bharr sin, creidimid go bhfoghlaimeoidh na páistí scileanna luachmhara a bheas tairbheach dóibh ina saoil ghairimiúla amach anseo.

Tá an t-idirlíon ina ghréasán domhanda ríomhaireachta nach bhfuil faoi smacht ag aon eagraíocht ar leith. Ciallaíonn seo gur féidir eolas a athrú, a imeacht as radharc, a bheith conspóideacht nó fiú a bheith ina achmhainn díobhálach. Mar sin féin, caithfidh an t-úsáideoir agus an scoil a bheith freagrach i rochtain agus in úsáid an Idirlín. Cuirtear síos ar na freagrachtaí seo sa Pholasaí um Úsáid Imghlactha atá faoi iamh.Tá sé tabhachtach go léitear an cháipéis seo go cúramach, go síneoidh tuismitheoir nó caomhnóir í agus go seoltar ar ais chuig an scoil í.

Cé go ndéanann an scoil na bearta cearta chun úsáid shábháilte an Idirlín a chur chun cinn, tá a fhios aici gur féidir le daltaí rochtain tré thimpiste nó d'aon turas a fháil ar ábhar mífhoirsteanach nó ábhar cunspóideach.

Tá meas ag an scoil ar cheart an teaghlaigh a chinneadh cead a thabhairt dá pháistí rochtain a fháil ar an Idirlíon mar a shonraítear i bPolasaí um Úsáid Imghlactha na scoile nó gan cead a thabhairt.

I ndiaidh na téarmaí sa Pholasaí um Úsáid Inghlactha a léamh, b'fhéidir go mbeifeá ag iarraidh smaoineadh ar úsáid an idirlín sa bhaile, agus féachaint chuige má tá aon bhealach gur féidir leat é a dhéanamh níos sábháilte do do theaghlach féin.

Le dea-ghuí,

Úna Ní Mh. Uí Cheallaigh
Príomhoide

Féach le do thoil ar an Pholasaí Úsáide Inghlachta, sínigh agus cuir ar ais an fhoirm thoilithe seo chuig an Phríomhoide.

Ainm na Scoile: _____

Ainm an Dalta: _____

Rang: _____

Dalta

Comhaontaím Polasaí Úsáide Inghlachta na scoile a leanúint maidir le húsáid an Idirlín. Bainfidh mé údáid as an Idirlíon ar bhealach freagrach agus comhlíonfaidh mé na rialacha ar fad a mhíneoidh an scoil dom.

Siniú an Dalta:_____

Dáta: _____

Tuismitheoir/Caomhnóir

Mar thuismitheoir/caomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, tá an Polasaí Úsáide Inghlactha léite agam agus tugaim cead do mo mhac /íníon rochtain a fháil ar an Idirlíon. Tuigim go bhfuil rochtain Idirlín leagtha amach ar mhaithe le h oideachais. Tuigim freisin go bhfuil gach réamhchúram réasúnta glactha ag an scoil chun soláthar a dhéanamh do shábháilteacht ar líne ach ní féidir freagracht a bheith ar an scoil má dhéanann daltaí rochtain ar ghréasáin mhí-oiriúnacha.

Glacaim leis an alt thuas Ní ghlacaim leis an alt thuas

(Ciorclaigh an freagra cuí)

Maidir le gréasán na scoile tuigim sa chás gur cuí leis an scoil sin gur féidir obair scoile mo pháiste a roghnú le cur ar mheán shóisialta na scoile, m.sh.ar an suíomh scoile, FB, Class Dojo, agus ar SeeSaw. Tuigim téarmaí an Pholasaí Úuáide Inghlachta agus glacaim leo maidir le hobair leanaí a fhoilsiú ar ghréasán na scoile.

Glacaim leis an alt thuas Ní ghlacaim leis an alt thuas

(Ciorclaigh an freagra cuí)

Síniú: _____ Dáta: _____

Seoladh: _____ Fón: _____